CALAOIS A CHOMHRAC AGUS LEASANNA AIRGEADAIS AE A CHOSAINT

Tá gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse an rialaithe bhuiséadaigh bunaithe ar dhá phrionsabal: a áirithiú go ndéantar buiséad AE a chaitheamh go cuí, agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus calaois a chomhrac.

AN BUNÚS DLÍ

— Airteagal 287 agus Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle, Teideal IX, Caibidil 1 agus Caibidil 2, agus Teideal X;

— Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, Cuid III;

— Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, Teideal II, Caibidil 6, Riail 92a, Riail 93 agus Riail 94; Teideal V, Caibidil 1, Riail 121, Caibidil 2, Riail 125 agus Caibidil 4, Riail 132; Iarscríbhinn IV;

— Airteagal 83(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint;

— OIPE: Airteagal 86 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú.

CUSPÓIRÍ

Chun go mbeadh muinín ag saoránaigh go bhfuil a gcuid airgid á úsáid go cuí, ní mór don Aontas Eorpach a leasanna airgeadais a chosaint. Tá sé tábhachtach freisin faireachán agus maoirsiú a dhéanamh ar obair na hOifige Frithchalaoise Eorpaí (OLAF) agus chun tacú lena gníomhaíocht chun calaois agus neamhrialtachtaí i gcur chun feidhme bhuiséad AE a chomhrac.

CÚLRA

I mí na Nollag 1995, bhain an Pharlaimint feidhm den chéad uair as an gceart atá aici faoin gConradh coiste fiosrúcháin a bhunú, ar coiste é a rinne tuairisciú ina dhiaidh sin ar líomhaintí calaoise agus drochriaracháin i gcóras idirthurais an Chomhphobail. Fuair na moltaí ón gcoiste tacaíocht fhorleathan an tráth sin.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na dtéacsanna reachtacha agus ar líon na moltaí maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Go bunúsach, is é is aidhm do na téacsanna sin na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

— Rialachas OLAF a fheabhsú agus coimircí nós imeachta a neartú in imscrúduithe — trí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú de réir a chéile;

— Eurojust[1] a athchóiriú agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais a fheabhsú;

— Cosaint na leasanna sin a ráthú trí imscrúduithe dlí choiriúil agus imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, trí bheartas comhtháite chun airgead na gcáiníocóirí a choimirciú agus trí straitéis frithchalaoise an Choimisiúin[2].

Rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a fhoilsiú freisin in 2012 agus in 2013:

— ‘Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne calaois chánach agus imghabháil cánach a neartú’[3] i mí Nollaig 2012;

— ‘Buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint go deireadh 2012’[4] i mí Mheán Fómhair 2013;

— ‘Glancheartúcháin airgeadais le haghaidh na talmhaíochta agus an bheartais chomhtháthaithe a chur i bhfeidhm ar na Ballstáit’, i mí Nollaig 2013[5].

Glacadh dhá threoir freisin in 2013;

— Maidir le comhchóras CBL a bhaineann le cur i bhfeidhm roghnach agus sealadach a dhéanamh ar an sásra aistrithe táillí i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe a d’fhéadfadh a bheith so-ghabhálach do chalaois; agus

— Maidir le sásra frithghnímh mhear in aghaidh calaois CBL[6].

Téacsanna tábhachtacha eile a bhí ar áireamh:

— Togra le haghaidh treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil[7];

— Tuarascáil an Choimisiúin maidir le Frith-Éilliú san Aontas[8];

---

[1]COM(2013)0532 agus COM(2013)0533 an 17 Iúil 2013.
[2]COM(2011)0293 an 26 Bealtaine 2011 agus COM(2011)0376 an 24 Meitheamh 2011.
[3]COM(2012)0722 an 6 Nollaig 2012.
[4]COM(2013)0682 an 30 Meán Fómhair 2013.
[5]COM(2013)0934 an 13 Nollaig 2013.
[6]Treoracha 2013/43 agus 2013/42 an 22 Iúil 2013 (IO L 201, 26.7.2013, lch. 4; IO L 201, 26.7.2013, lch. 1).
[7]COM(2012)0363 an 11 Iúil 2012.
[8]COM(2014)0038 an 3 Feabhra 2014.

— An teachtaireacht ón gCoimisiún, an 7 Aibreán 2016, maidir le plean gníomhaíochta i ndáil le CBL[9].

Níos déanaí, in earrach na bliana 2018, ag féachaint don chreat airgeadais ilbhliantúil nua (2021-2027), ghlac an Coimisiún togra le haghaidh chlár nua AE frith-chalaoise, atá ceaptha, go bunúsach, chun clár Hercule III (2014-2020) a mhacasamhlú agus a fheabhsú, agus chun é a chomhcheangal leis an gCóras Faisnéise Frithchalaoise (AFIS) agus leis an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS), ar dhá chóras iad atá á mbainistiú cheana ag OLAF.

A. Bearta frithchalaoise ag OLAF

Tá an chumhacht ag Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh go neamhspleách ar an gCoimisiún. Mar bheart leantach ar na rialacháin maidir le himscrúduithe OLAF, rinne an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún comhaontú idirinstitiúideach maidir le himscrúduithe inmheánacha a shíniú an 25 Bealtaine 1999. Sonraíodh sa chomhaontú sin gur cheart do gach institiúid rialacha inmheánacha comhchoiteanna a bhunú chun a áirithiú go n-oibreodh imscrúduithe OLAF go rianúil. Le roinnt de na rialacha sin, atá ionchorpraithe anois i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, éilítear ar an bhfoireann comhoibriú le OLAF agus leibhéal cosanta a sholáthar d'oifigigh nuair a dhéanann siad calaois nó éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann a nochtadh. Rinneadh athchóiriú ar OLAF a mholadh den chéad uair in 2003. Ar deireadh, tar éis thart ar 10 mbliana de phléití agus d'idirbheartaíochtaí, tháinig na geallsealbhóirí tríthaobhacha (an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún) ar chomhréiteach a raibh feabhsuithe suntasacha ag gabháil leis, rud a d'fhág go mbeadh OLAF éifeachtach, éifeachtúil agus cuntasach, agus a neamhspleáchas imscrúdaitheach á chosaint aige ag an am céanna.

I mí na Samhna 2008, ghlac an Pharlaimint tuarascáil Gräßle trí thromlach ollmhór. Bhí leasú suntasach sa tuarascáil sin ar an togra bunaidh ón gCoimisiún, agus is as sin a glacadh an rialachán reatha[10] in 2013 a ndearnadh é a leasú i mí Lúil 2016.

Tá feabhsuithe substaintiúla déanta sa téacs nua, go háirithe trí shainmhíniú níos soiléire a thabhairt ar chreat dlíthiúil le haghaidh imscrúduithe frithchalaoise. Tá sainmhínithe ann freisin ar 'mhírialtacht', ar 'chalaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais', agus ar choincheap an 'oibreora eacnamaíoch'. Tá tagairtí soiléire sa rialachán freisin do bhearta imscrúdaitheacha sonracha faoi rialacháin eile AE (agus comhordú á fheabhsú ar an tslí sin idir ionstraimí dlíthiúla sa réimse lena mbaineann), móide tagairtí don Chairt um Chearta Bunúsacha. Le linn imscrúduithe OLAF, déantar na cearta seo a leanas a choimirciú freisin faoin rialachán: an ceart cosanta agus na ráthaíochtaí nós imeachta atá ag daoine lena mbaineann ábhar atá faoi imscrúdú ag OLAF, cearta finnéithe agus sceithirí, agus an ceart rochtana ar thaifid agus ar dhoiciméadú ábhartha eile.

[9]COM(2016)0148 an 7 Aibreán 2016.
[10]Rialachán (AE) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013.

Ina theannta sin, tá forálacha ann maidir le ceanglais shonracha a bheith ar na Ballstáit, amhail an ceanglas faisnéis ábhartha a roinnt le OLAF maidir le cásanna calaoise lena mbaineann cistí AE.

Ar deireadh, rinneadh nós imeachta nua a chur ar bun lenar féidir leis na hInstitiúidí go léir plé trédhearcach a reáchtáil ar dhea-chleachtais, ar thorthaí agus ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach agus a bhaineann an bonn ó éifeachtacht oibríochtaí frithchalaoise. Fágann sé sin gur féidir leis an bParlaimint, den chéad uair, plé a dhéanamh leis an gComhairle maidir le calaois a chomhrac sna Ballstáit.

Tá sé iarrtha ag an bParlaimint freisin go gcuirfí feabhas ar rialachas OLAF trí athbhreithniú agus comhdhlúthú leanúnach a dhéanamh ar a chroíphróisis imscrúdaitheacha.

Tabhair do d'aire go gceanglaítear le hAirteagal 325 de CFAE go mbeadh dlúthchomhar rialta ann idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus go bhforáiltear ann freisin do bhearta sonracha ón gComhairle chun cosaint choibhéiseach agus éifeachtúil a thabhairt do leasanna airgeadais AE sna Ballstáit.

B. Sásraí frithchalaoise a neartú

Arna iarraidh sin don Pharlaimint, tá mórthionscnaimh glactha ag an gCoimisiún maidir le bearta frithchalaoise straitéiseacha. I bhfianaise scála na calaoise, na seachanta cánach agus na héillithe in AE, áfach, tá cur chuige comhtháite iarrtha ag an bParlaimint, lena n-áirítear straitéisí chun calaois agus éilliú a chomhrac trí bhearta dlíthiúla éifeachtacha a dhéanamh ar fud an Aontais, go háirithe ós rud é go bhfuil srianta buiséid ann ag an tráth seo.

Tá tacaíocht tugtha ag an bParlaimint freisin do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne calaois chánach[11] agus imghabháil chánach, agus í den tuairim gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de thosaíocht iomlán a thabhairt don chomhrac sin. Bheadh sé i gceist leis sin straitéis a fhorbairt le haghaidh comhar agus comhordú feabhsaithe agus ilghnéitheach idir na Ballstáit iad féin, agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar shásraí a fhorbairt le haghaidh coisc, luathbhraith agus faireachán ar idirthuras custaim – ar réimse é an ceann deireanach acu sin atá fós ar cheann de na réimsí is mó atá buailte leis na rátaí is airde d'éilliú córasach atá ann san Eoraip. Ar deireadh, tá an Pharlaimint den tuairim gur cheart do na príomhgheallsealbhóirí Eorpacha a bheith níos gníomhaí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bheith ag obair chun caighdeáin chomhair a bhunú, agus na caighdeáin sin a bheith bunaithe go príomha ar phrionsabail na trédhearcachta, ar an dea-rialachais agus ar mhalartú faisnéise.

Tá sé curtha i bhfios go láidir ag an bParlaimint freisin gur féidir grinnscrúdú cuí a dhéanamh má bhíonn níos mó trédhearcachta ann agus, dá bhrí sin, gur ní ríthábhachtach í an trédhearcacht chun calaois a bhrath. Sna blianta roimhe seo, bhí sí ag tathant ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun trédhearcacht iomlán a

[11]Is gníomh neamhdhleathach a dhéantar d'aon ghnó í an chalaois, a d'fhéadfadh a bheith ina chion coiriúil, ach nuair a dhéantar trácht ar neamhrialtacht bítear ag caint ar mhainneachtain riail áirithe a chomhlíonadh.

áirithiú do thairbhithe uile chistí AE sna Ballstáit trí liosta de na tairbhithe uile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá sé iarrtha aici freisin ar na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún agus faisnéis iomlán agus iontaofa a sholáthar maidir le tairbhí na gcistí de chuid AE atá á mbainistiú acu.

C. Beartas agus cláir frithchalaoise Eorpacha nua

Is é tuairim na Parlaiminte, ós rud é go mbíonn tionchar ag an éilliú ar leasanna airgeadais AE, gur cheart é a mheas a bheith ina chalaois faoi Airteagal 325(5) de CFAE agus a áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an comhrac in aghaidh an éillithe.

Go luath in 2019, chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in iúl go láidir nach mór do AE dlús a chur lena chomhrac i gcoinne na calaoise agus gur cheart don Choimisiún ról ceannasach a ghlacadh chuige sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus ar fhreagracht a oifige frithchalaoise.

I mí Aibreán 2019, thíolaic an Coimisiún straitéis nua a bhí dírithe ar chomhsheasmhacht níos fearr agus ar chomhordú níos fearr sa chomhrac i gcoinne na calaoise i measc ranna éagsúla an Choimisiúin. Ba cheart go réiteofaí leis an straitéis sin an bealach do bhearta frithchalaoise níos sonraíbhunaithe sna blianta atá le teacht. Comhlánaítear léi 'Pacáiste Rialachais' an Choimisiúin, a glacadh i mí na Samhna 2018 agus a ainmnítear OLAF léi mar an phríomhsheirbhís chun beartas frithchalaoise Eorpach a cheapadh agus a fhorbairt.

D'fháiltigh an Pharlaimint roimh thosaíochtaí nua na straitéise sin, amhail feabhas a chur ar an tuiscint ar phatrúin calaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad AE.

D. Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh calaoise agus maidir le leasanna airgeadais AE a chosaint

I ndáil le Treoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais a chur chun feidhme trí bhíthin an dlí choiriúil ('Treoir CLA'), bhí ar na Ballstáit í a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta faoin 6 Iúil 2019. Leis na rialacha nua, déantar leibhéal na cosanta do bhuiséad AE a mhéadú trí shainmhínithe, smachtbhannaí agus tréimhsí teorannaithe na gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhchuibhiú.

Ní hamháin gur ionstraim bhunriachtanach atá sa Treoir chun comhchuibhiú a dhéanamh ar dhlí coiriúil na mBallstát maidir le coireanna in aghaidh bhuiséad an Aontais, ach leagtar síos léi freisin an bhunchloch d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bheidh ann amach anseo, ar oifig í a dhéanfaidh cionta in aghaidh bhuiséad AE a imscrúdú, a ionchúiseamh agus breithiúnas a thabhairt orthu.

E. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú

Tá na rialacha lena rialaítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú mionsonraithe in Airteagal 86 de CFAE, ina léirítear: 'd'fhonn coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí bhíthin rialacháin arna nglacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur ar bun ó Eurojust.'

Rinneadh an rialachán lena mbunaítear Oifig an Ionchúisitheora a ghlacadh faoi nós imeachta an chomhair fheabhsaithe an 12 Deireadh 2017, agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Samhain 2017. Faoi láthair, tá 22 thír rannpháirteacha inti: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an Spáinn.

Is éard a bheidh in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, oifig ionchúisitheora díláraithe de chuid an Aontais Eorpaigh lena ngabhfaidh inniúlacht eisiach chun coireanna in aghaidh bhuiséad AE a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Beidh cumhachtaí imscrúdúcháin aonfhoirmeacha aici ar fud an Aontais bunaithe ar chórais dlí náisiúnta na mBallstát agus déanfar na cumhachtaí sin a ionchorprú sna córais dlí sin.

Tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh á cur ar bun faoi láthair agus is é an aidhm atá ann faoi láthair go dtiocfaidh sí i bhfeidhm ag deireadh 2020. Is i Lucsamburg a bheidh suíomh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

CEAPACHÁN CHÉAD PHRÍOMH-IONCHÚISITHEORA EORPAIGH

I mí Mhéan Fómhair 2019, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú go ndéanfaidís Laura Codruta Kövesi, Uasal, a cheapadh mar chéad Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach. Beidh sí i bpost go ceann téarma seacht mbliana nach bhféadfar a athnuachan.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Reáchtálann an Coiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint éisteachtaí do Chomhaltaí ainmnithe na Cúirte Iniúchóirí, chomh maith leis na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta do phost Ard-Stiúrthóir OLAF. Ní féidir na poist sin a líonadh in easnamh na n-éisteachtaí sin.

Is é an Coimisiún a cheapann Ard-Stiúrthóir OLAF, tar éis comhairle a fháil ón bParlaimint agus ón gComhairle, agus is iad an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún, de thoil a chéile, a cheapann comhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF.

Alexandre Mathis
06/2020